Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**8500/26**

**CDR 80**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar seachtar comhaltaí agus ochtar comhaltaí malartacha, arna mholadh ag Ríocht na Danmhairge, de Choiste na Réigiún |

**CINNEADH (AE) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gceaptar seachtar comhaltaí**
**agus ochtar comhaltaí malartacha,**
**arna moladh ag Ríocht na Danmhairge,**
**de Choiste na Réigiún**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún[1],

Ag féachaint don togra ó rialtas na Danmhairge,

[1] IO L 139, 27.5.2019, lch. 13 (ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/852/oj).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 10 Nollaig 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2025/71[2], lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2025 go dtí an 25 Eanáir 2030.

(3) Tá suíocháin seachtar comhaltaí ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis do Bent GRAVERSEN, Kasper Egede GLYNGØ, Kirsten Maria Meyer JENSEN, Karsten Søndergaard NIELSEN, agus Hanne ROED éirí as oifig, agus tar éis deireadh a theacht leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Erik FLYVHOLM agus Karsten Uno PETERSEN a cheapadh.

(4) Tá suíocháin seisear comhaltaí malartacha ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis do Anne MADSEN agus Thomas ROHDEN éirí as oifig, agus tar éis deireadh a theacht leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Jens Christian GJESING, Henrik Gottlieb HANSEN, Tage LEEGAARD, agus Mads SØRENSEN a cheapadh.

(5) Tiocfaidh suíocháin bheirt chomhaltaí mhalartacha chun bheith folamh tar éis cheapadh Line Krogh LAY agus Piet Papageorge TIMMERMANN mar chomhaltaí de Choiste na Réigiún.

---

[2] Cinneadh (AE) 2025/71 ón gComhairle an 10 Nollaig 2024 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2025 go dtí an 25 Eanáir 2030 (IO L, 2025/71, 16.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/71/oj).

(6) Mhol rialtas na Danmhairge na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha nó áitiúla iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil, mar chomhaltaí de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030: Kirsten Morild Vincent ANDERSEN, *Regionsrådsmedlem, Regionsrådet, Region Nordjylland* (Comhairleoir Réigiúnach, Comhairle Réigiúnach na Danmhairge Thuaidh), Helle GADE, *Borgmester, Silkeborg Kommune* (Méara, Bardas Silkeborg), Sofie Wagner Lærkesen HOLM, *Regionsrådsmedlem, Region Østdanmark* (Comhairleoir Réigiúnach, Comhairle Réigiúnach na Danmhairge Thoir), Pernelle JENSEN, *Regionsrådsmedlem, Region Syddanmark* (Comhairleoir Réigiúnach, Comhairle Réigiúnach na Danmhairge Theas), Line Krogh LAY, *Kommunalbestyrelsesmedlem, Stevns Kommune* (Comhalta den Chomhairle Bardais, Bardas Stevns), Søren SMALBRO, *Borgmester, Hjørring Kommune* (Méara, Bardas Hjørring), agus Piet Papageorge TIMMERMANN, *Kommunalbestyrelsesmedlem, Glostrup Kommune* (Comhalta den Chomhairle Bardais, Bardas Glostrup).

(7) Mhol rialtas na Danmhairge na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha nó áitiúla iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil, mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030: Torben Ringe CHRISTENSEN, *Regionsrådsmedlem, Regionsrådet, Region Nordjylland* (Comhairleoir Réigiúnach, Comhairle Réigiúnach na Danmhairge Thuaidh), Purnima ERICHSEN, *Regionsrådsmedlem, Region Midtjylland* (Comhairleoir Réigiúnach, Comhairle Réigiúnach na Danmhairge Láir), Syed Irfan Munawar GILANI, *Regionsrådsmedlem, Region Østdanmark* (Comhairleoir Réigiúnach, Comhairle Réigiúnach na Danmhairge Thoir), Bent HANSEN, *Kommunalbestyrelsesmedlem, Gribskov Kommune* (Comhalta den Chomhairle Bardais, Bardas Gribskov), Salah Nuuradiin HUSSEIN, *Kommunalbestyrelsesmedlem, Aalborg Kommune* (Comhalta den Chomhairle Bardais, Bardas Aalborg), Kirsten Maria Meyer JENSEN, *Kommunalbestyrelsesmedlem, Hillerød Kommune* (Comhalta den Chomhairle Bardais, Bardas Hillerød), Michael NEDERSØE, *Kommunalbestyrelsesmedlem, Horsens Kommune* (Comhalta den Chomhairle Bardais, Bardas Horsens), Pernille Skaaning SYLVEST, *Kommunalbestyrelsesmedlem, Køge Kommune* (Comhalta den Chomhairle Bardais, Bardas Køge),

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha nó áitiúla iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach, chuig Coiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030:

(a) mar chomhaltaí:

– Kirsten Morild Vincent ANDERSEN, *Regionsrådsmedlem, Regionsrådet, Region Nordjylland* (Comhairleoir Réigiúnach, Comhairle Réigiúnach na Danmhairge Thuaidh),

– Helle GADE, *Borgmester, Silkeborg Kommune* (Méara, Bardas Silkeborg),

– Sofie Wagner Lærkesen HOLM, *Regionsrådsmedlem, Region Østdanmark* (Comhairleoir Réigiúnach, Comhairle Réigiúnach na Danmhairge Thoir),

– Pernelle JENSEN, *Regionsrådsmedlem, Region Syddanmark* (Comhairleoir Réigiúnach, Comhairle Réigiúnach na Danmhairge Theas),

– Line KROGH LAY *Kommunalbestyrelsesmedlem, Stevns Kommune* (Comhalta den Chomhairle Bardais, Bardas Stevns),

– Søren SMALBRO, *Borgmester, Hjørring Kommune* (Méara, Bardas Hjørring), agus

– Piet Papageorge TIMMERMANN *Kommunalbestyrelsesmedlem, Glostrup Kommune* (Comhalta den Chomhairle Bardais, Bardas Glostrup),

agus

(b) mar chomhaltaí malartacha:

– Torben Ringe CHRISTENSEN, *Regionsrådsmedlem, Regionsrådet, Region Nordjylland* (Comhairleoir Réigiúnach, Comhairle Réigiúnach na Danmhairge Thuaidh),

– Purnima Erichsen, *Regionsrådsmedlem, Region Midtjylland* (Comhairleoir Réigiúnach, Comhairle Réigiúnach na Danmhairge Láir),

- Syed Irfan Munawar GILANI, *Regionsrådsmedlem, Region Østdanmark* (Comhairleoir Réigiúnach, Comhairle Réigiúnach na Danmhairge Thoir),
- Bent HANSEN, *Kommunalbestyrelsesmedlem, Gribskov Kommune* (Comhalta den Chomhairle Bardais, Bardas Gribskov),
- Salah Nuuradiin HUSSEIN, *Kommunalbestyrelsesmedlem, Aalborg Kommune* (Comhalta den Chomhairle Bardais, Bardas Aalborg),
- Kirsten Maria Meyer JENSEN, *Kommunalbestyrelsesmedlem, Hillerød Kommune* (Comhalta den Chomhairle Bardais, Bardas Hillerød),
- Michael NEDERSØE, *Kommunalbestyrelsesmedlem, Horsens Kommune* (Comhalta den Chomhairle Bardais, Bardas Horsens), agus
- Pernille Skaaning Sylvest, *Kommunalbestyrelsesmedlem, Køge Kommune* (Comhalta den Chomhairle Bardais, Bardas Køge).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*